



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission



## Cearta Fostaíochta Oibrithe Tí in Éirinn

## Cad is oibrí tí ann?

Tríd is tríd, sainmhínítear oibrí faoi reachtaíocht na hÉireann mar dhuine a oibríonn faoi chonradh fostaíochta<sup>1</sup>. Féadfaidh conradh den sórt sin a bheith sainráite nó intuigthe, ó bhéal nó i scríbhinn.

Sainmhínítear oibrí tí i gCoinbhinsiún Oibríthe Tí an ILO, 2011 (Uimh. 189) mar aon duine atá ag gabháil d'obair tí laistigh de chaidreamh fostaíochta i dteaghlach nó i dteaghlaigh nó ar a son. Ní mheastar gur oibrí tí é duine nach ndéanann obair tí ach ó am go ham nó go treallach agus nach ndéanann siad an obair ar bhonn gairme.

D'fhéadfadh glanadh, cócaireacht, níochán, feighlíocht leanaí, cúram do dhaoine scothaosta nó do dhaoine sa teaghlach atá tinn, garraíodóireacht, agus cothabháil, tiomáint agus aon dualgais eile a bhaineann le teaghlach a bheith i gceist le hobair tí.

*<sup>1</sup> Sainmhínítear in Alt 2 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 conradh fostaíochta chun críocha an Íosphá Náisiúnta*

### **Meastar go bhfuil earnáil na hoibre tí an-leochaileach ó thaobh dúshaothraithe de ar roinnt cúiseanna:**

- Breathnaítear uirthi mar réimse deiseanna fostaíochta ag oibríthe seachtracha, agus b'fhéidir go mbeadh fadhbanna teanga, cultúrtha agus dlí mar thoradh air sin.
- Mar gheall ar nádúr iargúlta na hoibre tí a dhéantar i dtithe príobháideacha, bíonn spleáchas ar fhostóirí ann.
- Ceaptar go minic go n-oibreoidh oibríthe tí uaireanta níos faide ná oibríthe eile.
- Tríd is tríd, bíonn rátaí pá san earnáil íseal.
- D'fhéadfadh go mbeadh easpa taifead agus conarthaí fostaíochta ann.

Tháirg an Coimisiún, i gcomhairle le hionadaithe na gComhpháirtithe Sóisialta [Cód Cleachtais um Chosaint Daoine atá Fostaithe i dTithe Daoine Eile \(2007\)](#), ina leagtar amach cearta daoine atá fostaithe i dtithe príobháideacha.

### **Go hachomair, áirítear na nithe seo a leanas i gcearta fostaíochta oibrithe tí:**

- Ráiteas i scríbhinn ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta nó conradh fostaíochta i scríbhinn agus ráiteas i scríbhinn ar chroí-théarmaí a fháil laistigh de chúig lá ó thús a chur leis an obair.
- Ráiteas pá i scríbhinn a fháil (Duillín Pá)
- Íocaíocht den Íosphá Náisiúnta ar a laghad a fháil
- Leas a bhaint as Saoire Bhliantúil agus as laethanta saoire Poiblí
- Gan a bheith ag obair ar an meán seachtain oibre a mhaireann níos mó ná 48-uair an chloig
- Préimh a fháil maidir le hobair a dhéantar ar an Domhnach
- Sosanna/tréimhsí scíthe a fháil
- Fógra íosta a fháil roimh dhífhostú
- A bheith ag obair i dtimpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil
- An ceart chun príobháideachta agus chun dul i mbun gníomhaíochtaí fóillíochta pearsanta
- A bheith cláraithe mar fhostaí leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Gan idirdhealú a fhulaingt mar gheall ar inscne, stádas teaghlaigh nó pósta sibhialta, aois, míchumas, cine, claonadh gnéis, reiligiún, nó ballraíocht den lucht siúil
- Gan doiciméid phearsanta (amhail pasanna, ID, ceadúnas tiomána, etc.) a bheith i seilbh fostóirí
- Cearta comhionanna d'oibrithe páirtaimseartha, d'oibrithe ar théarmaí seasta agus d'oibrithe gníomhaireachta
- Cosaintí speisialta do dhaoine óga i bhfostaíocht
- Teidlíochtaí máithreachais.

D'fhéadfadh sáruithe ar chearta dlíthiúla ag fostóirí a bheith ann trí rún nó mar gheall ar easpa eolais ar oibleagáidí dlíthiúla. Mar sin féin, beag beann ar conas a tharlaíonn sáruithe den sórt sin, d'fhéadfadh go mbeadh cionta i gceist leo a d'fhágfadh fostóirí oscailte d'ionchúiseamh.

## Cén teidlíocht phá atá ag fostaí?

Is é an tÍosphá Náisiúnta an t-íosráta in aghaidh na huaire atá socraithe go dlíthiúil nach mór a íoc le fostaíthe, agus athraíonn sé de réir aois agus taithí na bhfostaíthe. **Ní chuireann sé seo srian ar fhostóirí agus ar fhostaithe i ndáil le ráta a chomhaontú os cionn an íosráta reachtúil.**

Cinntear an ráta in aghaidh na huaire a íoctar le fostaí trí an pá comhlán a roinnt ar na huaireanta oibre iomlána. D'fhéadfadh liúntais le haghaidh iostais agus/nó lóistín a bheith san áireamh le pá comhlán má sholáthraíonn fostóir é sin d'fhostaí.

Chun na rátaí NMW reatha (lena n-áirítear rátaí le haghaidh iostais agus lóistín) a fheiceáil, féach ar [an Íosphá Náisiúnta - An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#) nó scan an cód thíos.



## Cad iad na rialacha a bhaineann le huaireanta oibre?

Tá cosc ar an meánsheachtain oibre uasta d'oibríthe tí dul thar 48 uair an chloig. Ní chuireann sé seo srian ar aon tseachtain oibre ar leith ag 48 uair an chloig. Mar sin féin, ní féidir na huaireanta seachtainiúla oibre a bheith níos mó ná 48 uair an chloig thar 4 mhí ar an meán.

Tá préimh iníoctha as uaireanta oibre ar an Domhnach. Mura bhfuil sé seo san áireamh sa ráta pá, ní mór d'fhostóir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a thabhairt maidir le hobair ar an Domhnach: liúntas, méadú pá ar uaireanta an Domhnaigh a oibrítear, nó am saor ón obair le pá.

Tá fostaí i dteideal sos 15 nóiméad tar éis tréimhse oibre 4½ uair an chloig agus sos 30 nóiméad má oibrítear níos mó ná 6 huair an chloig, lena n-áirítear an chéad sos 15 nóiméad. Ní gá na sosanna seo a íoc agus ní cuid den am oibre iad.

## Cad iad na taifid nach mór den fhostóir a choinneáil?

Ceanglaítear ar gach fostóir taifid mhionsonraithe a choinneáil maidir le gach fostaí. Ní mór don fhostóir na taifid sin a choinneáil go ceann 3 bliana. Is cion é mainneachtain na taifid seo a choinneáil agus d'fhéadfadh ionchúiseamh a bheith mar thoradh air:

- Uimhir chláraithe an fhostóra leis na Coimisinéirí Ioncaim
- Ainmneacha, seoladh, agus uimhreacha PSP na bhfostaithe
- Dátaí tosaithe / foirceannadh fostaíochta
- Téarmaí fostaíochta/conartha i scríbhinn agus ráiteas scríofa ar na croí-théarmaí
- Taifid ar shaoire bhliantúil agus ar laethanta saoire poiblí a glacadh
- Uaireanta oibre (lena n-áirítear amanna tosaigh agus críochnaithe)
- Sonraí párolla agus duilíní pá
- Clár d'aon fhostaithe faoi 18 mbliana d'aois
- Sonraí aon iostais agus lóistín a cuireadh ar fáil

D'fhéadfadh go mbeadh na taifid seo ag teastáil i gcás imscrúdaithe ag Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Gearáin

Ba cheart gearáin maidir le cearta fostaíochta agus comhionannas a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. D'fhéadfadh éisteacht ag Breithneoir nó cigireacht ag cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a bheith mar thoradh ar ghearáin.

Ba chóir gearáin a bhaineann le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta san áit oibre a dhéanamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

## Ceisteanna Coitianta

### **Cad a tharlaíonn i gcás go bhfuil éiginnteacht ann maidir le cé acu an bhfuil duine ina fhostaí nó nach bhfuil?**

Tríd is tríd, bunaítear an cheist maidir le cibé acu an bhfuil duine ina fhostaí nó nach bhfuil trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha na reachtaíochta fostaíochta atá ann cheana agus do dhlí na gconarthaí seanbhunaithe. Ní chiallaíonn úsáid sonrúcháin amhail "Au Pair" nó cuir síos eile ar shocruithe idir páirtithe toilithe iad féin nach bhfuil conradh fostaíochta ann. Thabharfadh duine a chomhlíonann dualgas thar ceann duine eile mar mhalairt ar íocaíocht le tuiscint go láidir go bhfuil caidreamh conarthach ann.

Má tá ceist ann an bhfuil an duine fostaithe nó féinfhostaithe, tá treoir ar fáil sa Chód Cleachtais ar Chinneadh Stádas Fostaíochta.

### **Má íocaim €150 in aghaidh na seachtaine le m'fhostaí, cé mhéad uair an chloig is féidir leo a oibriú?**

Chun na huaireanta uasta a ríomh is féidir le fostaí a oibriú go dleathach ag an íosráta reachtúil agus a bheith fós i gcomhréir leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, ba cheart an t-ollphá móide an liúntas cuí le haghaidh iostais agus/nó lóistín a roinnt ar an Íosráta Náisiúnta Pá don fhostaí.

Tá ceanglas dlíthiúil ar fhostóirí taifid a choinneáil ar uaireanta a oibríodh.

Bheadh sárú ar an Acht um Pá fosta Náisiúnta i gceist trí bheith ag obair níos mó ná na huaireanta atá leagtha amach sa tábla.

## **Ba mhaith liom labhairt le duine éigin faoi mo chás ach níor mhaith liom go mbeadh a fhios ag m'fhostóir?**

Pléifidh Cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) aon ghearáin ó oibrithe tí a bhonn rúnda agus, más gá, gan ainm. Ní dhéanfar aon ghníomhartha a d'éileodh ar an bhfostaí iad féin a aithint dá bhfostóir ach amháin le toiliú na bhfostaithe. Féadfaidh fostaithe dul i dteagmháil leis an WRC ag 0818 80 80 90 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig [inspection@workplacerelations.ie](mailto:inspection@workplacerelations.ie)

## **I measc na dteagmhálaithe úsáideacha eile tá:**

Is féidir dul i dteagmháil le Faisnéis do Shaoránaigh, ag a bhfuil oifigí ar fud na tíre, maidir le seirbhísí poiblí agus teidlíochtaí, ar an teileafón ar 0818 07 4000 (Luan go hAoine, 9am go 8pm) nó ag [www.citizensinformation.ie/en/](http://www.citizensinformation.ie/en/)

Tá feachtas ar bun ag Comhdháil na gCeardchumann chun cearta níos fearr d'oibrithe tí a bhaint amach, agus is féidir dul i dteagmháil leo ar an teileafón ag 01 889 77 77 nó ag [www.ictu.ie](http://www.ictu.ie)

Eagraíochtaí oibrithe imirceacha ar nós Ionad Cearta Imirceacha na hÉireann (083 0755 387 nó [info@mrci.ie](mailto:info@mrci.ie)) a d'fhéadfadh faisnéis agus cúnamh a sholáthar.

# Sonraí teagmhála

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

Teileafón: 0818 80 80 90

Ba cheart do ghlaiteoirí ó thar lear glaoch ar +353 59 917 8990

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

[www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

Teileafón: 0818 289 389 (idir gam agus 3pm, Luan go hAoine)

Ríomhphost: [contactus@hsa.ie](mailto:contactus@hsa.ie)

Ba cheart do ghlaiteoirí ó thar lear glaoch ar +353 1 614 7000